☸An Lúibín☸

22 Nollaig 2006

Tinte
Every year Australian forests are swept by bushfires – an invention, in large part, of European settlement.

I ndeisceart na hAstráile is í an ghaoth aduaidh an ghaoth is measa – anáil shamhraidh a thugann an teas léi ó lár iargúlta na tíre, agus a leanann na tinte í. Ní san Astráil amháin a scriosann na tinte móra seo a bhfuil rompu - crainn, tithe agus daoine féin; ní gá ach cuimhneamh ar scéalta ó Mheiriceá, ón bPortaingéil agus ón Spáinn. Ach tá brí eile leis an scéal sa tír seo – áit a raibh rian an triomaigh uirthi riamh agus a bhfuil crainn eoclaipe ag brath ar an tine chun a gcuid síolta a mhúscailt, áit a raibh na tinte á stiúradh agus á n-úsáid ag daoine leis na mílte bliain chun féar a chur ag fás agus ainmhithe a mhealladh.

Meafar í an tine choille. Í ina neach, an arracht spleodrach neamhthrócaireach a bhánaíonn tír agus í ina dlúthchuid den tír. Tugann sí deis ghaiscíochta léi, agus déanann luaith den dóchas. Rud ábhartha í freisin, ach níl aon lámh ann ar féidir léi breith uirthi. Deirtear go múchfaidh an t-uisce an tine is treise, ach seo tír a bhfuil an t-uisce gann.

Admhaítear anois gurb í an fheidhm a bhain na Bundúchasaigh as tine a d'fhág cuma chomh tarraingteach sin ar dhealramh na tíre nuair a tháinig na hEorpaigh. Leagadh an t-uafás crann sa 19ú haois (anseo i stát Victoria go háirithe) ach d'fhan fuílleach na gcoillte móra san oirthear. Ansin thosaigh an leagan teoranta tráchtála: ach is dócha gur sna coillte athleagtha sin is fusa don tine dul i ngreim. Murab ionann is na seanchoillte nár ghéill don tua riamh, tá na coillte seo an-tirim agus lán de bhruscar adhmaid agus d'athfhás – ábhar dóite nach féidir a shárú.

Is ábhar suntais í an difríocht atá idir dearcadh na mBundúchasaigh agus dearcadh na nEorpach i leith na tine coille. Ba é tuairim na mBundúchasach gurbh uirlis í an tine chéanna, rud a chuideodh leis an bpobal maireachtáil. A mhalairt de thuairim a bhí ag na hEorpaigh – gur rud fiáin í an tine úd, rud ba bhaol dá saol. Ach iadsan a réitigh an bealach don chontúirt lena gcuid aineolais, pobal mór ann agus na bruachbhailte ag leathnú amach faoi áiteanna soloiscthe. Cuireann daoine fúthu ar imeall na coille ar son an radhairc agus gan súil acu go mbánóidh na lasracha a bhfuil ina dtimpeall. Tá na tinte ag teacht níos minice anois agus ag éirí níos fíochmhaire. Ba bheag an t-ionadh é dá dtabharfadh daoine a gcúl leis na coillte ar fad mar áit chónaithe – rud a d'fhéadfadh titim amach i gceann cúpla glúin.

Agus tá taobh eile ar an scéal – taobh na gaisciúlachta. Scríobh bean áirithe chun nuachtáin i Melbourne: dúirt sí go mbaineadh na fir sult as dul i ngleic leis na tinte ar dhroim talún ach gurbh fhearr cuid den na tinte sin a mhúchadh ón aer i dtús a réime agus gan fanacht go dtí an t-am ba thréine iad. Tá ciall sa chaint sin, ach is maith le hiriseoirí agus leis an bpobal cuntas corraitheach ar thubaistí agus ar mhisneach an tséasúir. Gan amhras, is minic atá gá leis an misneach agus leis an dúthracht sna cúrsaí seo, ach is follasach freisin (cé nach minic a admhaítear é) go n-úsáideann mórán fear agus go fiú roinnt ban an tine chun iad féin a thriail agus dúshlán an diabhail a thabhairt.

Tharla rud eile nuair a tháinig na hEorpaigh: rinneadh gléas mioscaise nó timpiste den tine. An fear a chuireann na lasracha ar siúl lá gaoithe chun daoine a chur ag léim; an feirmeoir ar mian leis díoltas a agairt ar a chomharsa; an tinteán campa nach dtugtar aird air.

Cuireann na tinte in iúl go bhfuil an tír seo inár gcoinne. Níor éirigh linn fós ár dtoil a chur léi i ndáiríre. Go dtaga an lá sin, agus an aeráid ag athrú.

♦❖♦❖♦❖♦

Maslú
For the indigenous people of this country, the age of insult has not passed.

Is iomaí Astrálach liobrálach meánaicmeach nach gcreidfeá thú dá ndéarfá leis go bhfuil Bundúchasaigh i Victoria (stát 'sofaisticiúil') á maslú fós i dtithe tábhairne faoin tuath, á gceistiú gun chúis ar na bóithre ag na póilíní agus go mbíonn doicheall rompu i siopaí. Tá taithí ag na Bundúchasaigh féin air seo agus is minic nach ndéanann siad scéal mór de. Taispeánann sé, mar sin féin, cé chomh minic is atá an lámh in uachtar ag an aineolas agus ag an amaideacht.

Is géire an t-ionsaí a rinneadh ar dhúchas na mBundúchasach anseo i ndeisceart na tíre – i Victoria agus sa Tasmáin – ná i mórán áiteanna eile. Tá siad ann mar phobal i gcónaí, agus tuiscint acu ar an difríocht chultúrtha atá idir iad agus an dream a tháinig i dtír inné. Is iad an dream céanna úd nach bhfuil sásta glacadh leis go bhfuil fonn ar an gcéad chine a mbealach féin a ghabháil ar mhórán slite. Meascán d'aiféala mífhonnmhar agus d'fhaltanas is cúis leis an dearcadh diúltach seo, agus is fada a bheidh sé le fáil i measc daoine nach gcuireann de dhua orthu féin dul amach ar a n-intinn féin.

Is minic ráite é gur thuisceanaí na Gaeil sna cúrsaí seo ná aon dream eile, ach is iomaí Gael a bhí lán chomh dúr le coilínigh eile na tíre seo. Marú agus leatrom a lean é sin. Ba cheart dá sliocht, más Críostaithe iad, a chuimhneamh gur tháinig Críost chun an domhan uile a shlánú agus comh-mheas aige ar gach cine. Bhí treibh eile romhainn anseo agus iad fite fuaite le cré, cloch agus croí na tíre. Tá siad ann fós, ar nós na tíre féin. Ní sine ár ndúchas ná a ndúchas-san, ná baol air, agus anois seasaimid faoin solas céanna.

♦❖♦❖♦❖♦

Óráid an Choimisinéara
Ireland has a commissioner overseeing the implementation of legislation relating to Irish. Recently he addressed a teachers' conference with a frank review of the education system's shortcomings.

Ar eagrán Nollag *Feasta* tá óráid a thug Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, do chomhdháil múinteoirí in Éirinn. Oideachas trí Ghaeilge ab ábhar di, agus thaispeáin an Cominisinéir nach raibh sé dall ar a bhfuil i gceist.

Dá fheabhas í an obair a dhéanann na Gaelscoileanna, níl ach timpeall 6% de na daltaí le fáil ann, agus d'admhaigh an Cominisinéir go bhfuil an teanga i bpráinn sna gnáthscoileanna.

> Fuair m'Oifigse amach inár gcéad bhliain de bheith ag feidhmiú go raibh an leibhéal cumais a bhí ag cuid mhór eagraíochtaí stáit le freastal trí Ghaeilge a dhéanamh ar an bpobal fioríseal ar fad. Fós féin, bhí formhór mór fostaithe an stáit tar éis dul trí chóras oideachais na tíre agus oiliúint sa teanga a fháil ar feadh suas le 1,500 uair an chloig in imeacht na 13 bliana a bhí caite acu ar bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal.
>
> Má roinneann tú an méid ama atá leagtha amach sa chlár ama agus léinn do mhúineadh na Gaeilge ar an méid airgid reatha a chaitear ag an mbun- agus ag an dara leibhéal, níor ghá go mbeifeá i do mhúinteoir matamaitice le tuiscint go bhfuil muid ag caint ar na céadta milliún euro in aghaidh na bliana – suas le 500m euro mar bhuille faoi thuairim. Ar ndóigh, ní airgead breise é seo a d'fhéadfaí a shábháil ar bhealach ar bith: is costas deise é seachas costas breise.

Cé nach ndearna an Coimisinéir tagairt do scéal na hEorpa, is dócha go bhféadfadh an gnáthdhalta san Fhionnlainn nó san Ollainn dhá theanga a fhoghlaim san am a dteipeann ar an Éireannach máistreacht a fháil ar theanga amháin. Ach ní measa an tÉireannach ná an tAstrálach nó an Meiriceánach.

Is é dualgas an Choimisinéara féachaint chuige go gcloíonn comhlachtaí stáit leis an Acht agus le treoracha an Aire. Tá sé de cheangal ar na comhlachtaí sin na tuarascálacha is tábhachtaí dá gcuid a fhoilsiú go dátheangach.

> Fós féin, bhí lucht ceannais na n-eagraíochtaí stáit ag rá go láidir agus go leanúnach nach raibh líofacht bhunúsach sa teanga ag formhór mór na foirne acu. Má theastaigh cruthú air sin tháinig sé chugainn i mbliana: i gcomhfhreagras le m'Oifigse dhearbhaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta nach raibh ach 3% d'fhoireann na Roinne sin anois inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge – sin i gcás Roinne a bhíodh tráth den saol ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge.

Bheadh a fhios ag an gCoimisinéir, gan dabht, go bhfuil cúrsaí nua ann d'aistritheoirí agus do theangairí Gaeilge, agus go bhfuil an curaclam Gaeilge á leasú go mall sna scoileanna. Thug sé dá aire moladh ceart a thabhairt d'obair na múinteoirí, agus aird aige ar ghoilliúnacht na cuideachta. Mar sin féin, is é an bhrí is soiléire a bhainfeá as a chuid cainte go bhfuil an scéal go dona agus nach bhfuil leigheas luath i ndán dó. Is ar an mionlach a fuair gaelscolaíocht a bheidh Gaeilge an Stáit ag brath go ceann tamaill eile.

♦❖♦❖♦❖♦

GLAOCH AR PHÁIPÉIR

AN 15ú COMHDHÁIL GHAEL-ASTRÁLACH

Éire, an Astráil agus an Eoraip: Coilíneachtaí, Cónascthaí agus Comhcheangail

Ollscoil La Trobe, Melbourne
(Campas Bhundoora)

Ón Domhnach 23 Meán Fómhair go dtí an Chéadaoin 26 Meán Fómhair 2007

Tá tairiscintí páipéar á lorg ar aon ábhar a bhaineann le hÉirinn nó le saol na nÉireannach san Astráil nó sa Nua-Shéalainn. D'fhéadfadh páipéir cur síos ar chúrsaí litríochta, staire, polaitíochta, ceoil, ealaíne nó eile. Ní gá go mbeadh na páipéir ag brath go hiomlán ar théama na Comhdhala, ach beidh fáilte ar leith roimh pháipéir a phléann na scéalta a leanas:

- Na hiarsmaí a leanann comhcheangal cultúr agus comhphobal difriúil le chéile, agus an t-athrú atá ag teacht ar léargas staire dá bharr.

- Na difríochtaí idir saol na hAstráile, na Nua-Shéalainne agus na hÉireann i cúrsaí sóisialta, polaitíochta agus cultúir taobh istigh den impireacht Bhriotanach.

- Cúlra stairiúil agus saol comhaimseartha na hÉireann maidir leis an Eoraip i gcoitinne agus leis an Aontas Eorpach go háirithe.

- Torthaí liteartha agus torthaí cultúrtha eile a eascraíonn as na teannais atá ag gabháil le cumascadh foras agus féiniúlachtaí náisiúnta.

- Fadhbanna na déabhlóide polaitiúla taobh istigh de na haontais.

Ar an Astráil, ar an Nua-Shéalainn agus ar Éirinn is mó a bheidh aird na Comhdhála, ach fáilteofar roimh thairiscintí páipéar a phléann náisiúin agus cultúir eile i dtreo go bhféadfaí comparáid fhónta a dhéanamh.

Ní mór páipéir a chur tríd an bpost roimh **31 Márta 2007** chun an Dr Jennifer Ridden, (Cruinnitheoir na Comhdhála), *Innovative Universities European Union (IUEU) Centre, La Trobe University, Melbourne, Australia 3086*, nó tríd an ríomhphost chun Irish_Conf@latrobe.edu.au.

Beidh an Chomhdháil seo ar siúl faoi choimirce Ollscoil La Trobe, Lárionad an Aontais Eorpaigh um Ollscoileanna Treallúsacha, Chathaoir Léinn Éireannaigh Ghearóid Uí Uiginn ag Ollscoil Mhelbourne, agus Chumann Léinn Éireannaigh na hAstráile agus na Nua-Shéalainne.

♦❖♦❖♦❖♦

Go raibh suaimhneas an tséasúir ag gach duine dár gcuid léitheoirí

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au